Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**7978/1/25**
**REV 1**

**EF 107**
**ECOFIN 417**
**DROIPEN 41**
**COTER 54**
**ENFOPOL 113**
**CT 44**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| An: | 8 Bealtaine 2025 |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE an XXXX 2025 maidir le ceathrar comhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Chomhrac an Sciúrtha Airgid a cheapadh - Glacadh |

1. An 29 Eanáir 2025, ghlac an Coimisiún gearrliosta iarrthóirí chun cúigear comhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Chomhrac an Sciúrtha Airgid a cheapadh agus chuir sé ar fáil do Pharlaimint na hEorpa é. Cuireadh an Chomhairle ar an eolas freisin faoin ngearrliosta.

2. De bhun Airteagal 63(5) de Rialachán (AE) 2024/1620, 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Chomhrac an Sciúrtha Airgid.

3. An 11 Márta 2025, ghlac Bord Ginearálta an Údaráis um Chomhrac an Sciúrtha Airgid togra chun Simonas KRĖPŠTA, Rikke-Louise PETERSEN, Marcus PLEYER, Derville ROWLAND agus Juan Manuel VEGA SERRANO a cheapadh mar chomhaltaí den Bhord agus chuir sé an togra sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena fhormheas.

4. D'fhormheas Parlaimint na hEorpa an togra an 3 Aibreán 2025.

5. An 30 Aibreán 2025, d'iarr Coiste na mBuanionadaithe ar an gComhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a ghlacadh mar a leagtar amach in

7981/25 é. An 8 Bealtaine 2025, áfach, tharraing Marcus PLEYER a iarrthóireacht siar. Dá thoradh sin, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh cur chun feidhme ón gComhairle chun ceathrar, seachas cúigear, de chomhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an Údaráis um Chomhrac an Sciúrtha Airgid a cheapadh.

6. Dá bhrí sin, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a ghlacadh mar a leagtar amach in 7981/REV1/25 é.